C/2025/1823

24.3.2025

Foilsiú iarratais ar chlárú ainm de bhun Airteagal 50(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

(C/2025/1823)

Tar éis an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

Tá an tsonraíocht táirge dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 le fáil i gclár an Aontais um thásca geografacha.

DOICIMÉAD AONAIR

'Kırkağaç Kavunu'

Uimh. AE: PDO-TR-02829 — 15.2.2022

ATFC (x) TGFC ( )

1. **Ainm nó ainmneacha (an ATFC nó an TGFC)**

'Kırkağaç Kavunu'

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

an Tuirc

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cineál an táirge*

Aicme 1.6. Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte.

Cód Ainmníochta Comhcheangailte

0807 Mealbhacáin (lena n-áirítear mealbhacáin uisce) agus pápánna, iad úr: – Mealbhacáin (lena n-áirítear mealbhacáin uisce)

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

'Kırkağaç Kavunu': Mealbhacán é a fhásann i gCeantar Kırkağaç i gcúige Manisa agus tá dhá chineál éagsúla de ann, mar atá Kırkağaç-589 agus Kırkağaç-637. I ngach saothróg, bíonn craiceann an toraidh 1-1,5 cm ar tiús, garbh, bróidnithe, agus scothghlas, agus é smálaithe ar chúlra buí.

I measc na gcineálacha sin, bíonn an cineál Kırkağaç-589 fada agus bíonn cruth sorcóireach air, bíonn a ghas pointeáilte agus gobach, bíonn barr an bhlátha cruinn, agus is féidir é a stóráil le linn shéasúr an gheimhridh. De ghnáth bíonn struchtúr torthaí cruinne ag cineál Kırkağaç-637. Tá struchtúr agus dath chraiceann a thoraidh mar an gcéanna le Kırkağaç-589. I roinnt réigiún, tugtar 'Altınbaş' orthu freisin.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

Tábla 1

Saintréithe ginearálta 'Kırkağaç Kavunu'

Critéir	Kırkağaç-589	Kırkağaç-637 (Altınbaş)
Meáchan an toraidh (kg)	3-6	3-5
Trastomhas an toraidh (cm)	15-25	16-26
Méid an toraidh (cm)	20-28	18-20
Tiús chraiceann an toraidh (cm)	1,0 – 1,5	
Tiús an toraidh (cm)	7,0 - 8,5	
Cion chuas na síolta (g)	250 - 350	
Trastomhas chuas na síolta (cm)	Idir 3,7 agus 4,5 cm.	
Brix (%)	10,8-13,0	11,4-13,2
Dea-bholadh bhia an toraidh	Dea-bholadh ceannasach de bhlátha teile Saintréith den dea-bholadh tánaisteach is ea dea-bholadh beacán agus scuaise	
Súmhaireacht laín torthaí	Uiscíoch	
Snáithín laín torthaí	% 0,3-0,9	
Cruth an toraidh	Fada, patrún sliogáin, agus smál scothghlas ar chúlra buí	Ubhach cruinn, dromchla an toraidh beagáinín snáitheach (roctha), agus smál scothghlas ar chúlra buí
Lá aibithe (lá)	90-110	
Cion iomlán siúcra (g, 100 g^{-1})	6,14-6,19	
An cion siúcróis (g, 100 g^{-1})	3,55-4,06	
an cion fruchtóis (g, 100 g^{-1})	1,33-1,35	
An t-aigéad citreach (mg, g^{-1})	2,44-2,84	
Craiceann an toraidh	Crua	
Am curaíochta	Aibreán – Bealtaine	
Seilfré	6 mhí	
Torthaí ar an taobh istigh:	Saintréith den chuid istigh den toradh, dá ngairtear an bia, is ea a uigeacht ramhar. Taispeánann na píosaí is gaire don chraiceann lí ghlas, agus taispeánann na codanna istigh dath éadrom oráiste-scothbhán.	
Blas	Milis agus blas bláthanna teile	
Dea-bholadh bhia an toraidh	Dea-bholadh príomha bláthanna teile. Dea-bholadh tánaisteach - beacán agus scuais	

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

—

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Liostaítear thíos na céimeanna nach mór a dhéanamh laistigh den limistéar geografach sonraithe chun 'Kırkağaç Kavunu' a tháirgeadh:

— Síolta a roghnú agus a sholáthar

— Ithreacha a ullmhú

— Plandú

— Uisciú agus leasú

— Plandaí a chothú (seachas buaint)

— Buaint

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc., an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór 'lógó an Aontais Eorpaigh' agus an t-ainm 'Kırkağaç Kavunu' a bheith clóite ar an bpacáistíocht. Más rud é nach féidir iad a úsáid ar an bpacáistíocht, ní mór 'lógó an Aontais Eorpaigh' agus an frása 'Kırkağaç Kavunu' a bheith le feiceáil sa limistéar díolacháin.

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Is é an limistéar geografach chun 'Kırkağaç Kavunu' a tháirgeadh críoch iomlán Cheantar Kırkağaç i gcúige Manisa, an Tuirc.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Machaire Kırkağaç laistigh de theorainneacha an cheantair. Tá Machaire Kırkağaç suite laistigh d'Imchuach Bakırçay, ceann de na ceithre limistéar umair i dtreo thoir-thiar an Réigiúin Aeigéaigh, agus is é an ceann is faide ó thuaidh é. Sainaithnítear na mealbhacáin a fhástar i Machaire Kırkağaç le Kırkağaç. Dá bhrí sin, tugtar 'Kırkağaç Melon' ar na mealbhacáin a shaothraítear sa mhachaire seo.

Is réigiún seanbhunaithe táirgthe mealbhacán é an limistéar geografach le haghaidh 'Kırkağaç Kavunu'. De ghnáth, is gnólachtaí beaga teaghlaigh iad táirgeoirí mealbhacán. Tá an traidisiún táirgthe mealbhacán sin ar siúl leis na céadta blianta agus tá sé fós á chleachtadh inniu. Tá 'Kırkağaç Kavunu' fréamhaithe i dtraidisiún talmhaíochta seanbhunaithe sa réigiún agus tá dlúthbhaint aige leis an gcultúr áitiúil.

Ó bhí na 1970idí ann, tá 'Féile Mealbhacán Kayrkağaç' á reáchtáil go bliantúil ón 8 go dtí an 17 Meán Fómhair, chun oidhreacht chultúir agus traidisiún talmhaíochta an bhaile a cheiliúradh. Tugann an fhéile an pobal áitiúil le chéile, rud a chothaíonn aontacht agus a chothaíonn caomhnú na dtraidisiún. Feidhmíonn sé mar ardán chun mealbhacáin Kırkağaç a chur chun cinn ar scála níos leithne, chun turasóirí a mhealladh agus chun borradh a chur faoin ngeilleagar áitiúil. Téann líon níos mó cuairteoirí chun tairbhe do ghnóthaí agus díoltóirí áitiúla agus, an tráth céanna, cuireann sé deiseanna ar fáil do tháirgeoirí agus do sholáthraithe áitiúla. Spreagann an fhéile do dhaoine teacht le chéile agus taitneamh a bhaint aisti, rud a neartaíonn naisc shóisialta agus a chothaíonn mothú dlúthpháirtíochta laistigh den phobal.

In Kırkağaç, tá táirgeoirí ag láimhseáil bhuaint agus chaomhnú mealbhacán go cúramach. Go luath ar maidin, gearrtar 'Kırkağaç Kavunu' go cúramach den phlanda trí úsáid a bhaint as scian. Chun cáilíocht na mealbhacán a choinneáil, socraítear iad i leantóirí atá clúdaithe le blaincéid thiubha agus le tochtanna in 2-3 gcinn de shraitheanna. Ansin iompraítear na leantóirí seo chuig áit stórála gan an iomarca croitheadh. Is iontach an cleachtas é cuilteanna spré a úsáid chun 'Kırkağaç Kavunu' a chosaint le linn iad a iompar ón bpáirc go dtí an stóras. Léiríonn sé an tseiftiúlacht agus an tábhacht chultúir a bhaineann le táirgeadh mealbhacán sa réigiún. Trí úsáid a bhaint as cuilteanna spré, ar séada ansa iad atá ina siombailí de cheangail teaghlaigh agus d'uailmhianta todhchaí, chun na mealbhacáin a chosaint, léiríonn táirgeoirí tuiscint domhain ar an gcúram agus ar an dúthracht a ghabhann lena gceird. Ní hamháin go n-áirithíonn an traidisiún seo iompar sábháilte na mealbhacán ach cuireann sé saibhreas cultúir leis an bpróiseas táirgthe freisin.

Déantar na torthaí, a stóráiltear ag 15 °C agus ag bogthaise choibhneasta 80 %, a chrochadh ar thairní a thiomáintear isteach i gcuaillí ingearacha in áiteanna stórála atá aeráilte go maith agus atá fionnuar. Déantar teaghrán a cheangal thart ar na ceithre thaobh de thoradh na mealbhacáin, agus filltear timpeall an ghais é chun cruth fáinne a dhéanamh, agus ceanglaítear sin de na tairní ansin. Síneann na teicnící caomhnaithe sin seilfré na dtorthaí go dtí mí an Mhárta. Sa Tuirc, is gnách go stóráiltear mealbhacáin samhraidh ag 4-6 °C, agus bogthaise choibhneasta 85-90 % ann ar feadh 10-15 lá. Is féidir cineálacha geimhridh mealbhacán a stóráil ar feadh suas le 40-60 lá. Mar sin féin, is féidir 'Kırkağaç Kavunu' a stóráil ar feadh suas le 6 mhí.

Tá limistéar táirgeachta an-oiriúnach aimsithe ag 'Kırkağaç Kavuunu' i Machaire Kırkağaç, áit a n-aibíonn sé go déanach agus ina gcomhlíonann sé na ceanglais chothaitheacha.

Baineann blas, dea-bholadh, dath, súmhaireacht agus cáilíochtaí fionúire 'Kırkağaç Kavunu' le struchtúr na hithreach. Bíonn tionchar ag cion mianraí, ag cainníocht ábhair orgánaigh agus ag acmhainn coinneála uisce na hithreach ar ghlacadh agus ar fhás cothaitheach an mhealbhacáin. Tá eolas air mar gheall ar a blas milis. Tá mealbhacáin a fhaightear ó ithreacha cheantar Kırkağaç éagsúil le mealbhacáin a fhástar i réigiúin eile mar gheall ar na saintréithe sonracha sin. Thairis sin, léiríonn an mealbhacán luachanna arda maidir le cáilíochtaí fionnuaire agus súmhaireacht fhionnuaire, rud a fheabhsaíonn a tharraingteacht agus a uathúlacht sa mhargadh. Treisíonn sé seo tábhacht an táirge ní hamháin i gcomhthéacsanna stairiúla agus cultúir ach freisin i dtéarmaí cáilíochtaí céadfacha ar nithe iad a idirdhealaíonn ó tháirgí eile é.

I Machaire Kırkağaç, saothraítear mealbhacáin go heisiach in ithreacha créúla-cailcreacha. Mar thoradh ar struchtúr cothromaithe agus aerú ithreacha créúla-cailcreacha, is féidir ábhar orgánach a thiontú ina chothaithigh fhíor-riachtanacha le haghaidh fás sláintiúil plandaí agus chun riachtanais mhianracha mealbhacán a chomhlíonadh. Le téamh céimseach na hithreach mar gheall ar a cion ard cré agus na cúltaiscí uisce carntha atá ar fáil le linn mhíonna an gheimhridh, soláthraítear na dálaí uile is gá le haghaidh fhás ceart phlandaí 'Kırkağaç Kavunu' gan strus uisce agus le haghaidh na ndálaí is gá chun buaint dhéanach a dhéanamh. Tá acmhainn coinneála uisce suas le 65-70 cm ag an ithir i Machaire Kırkağaç. Tá na hithreacha, nach bhfaigheann mórán báistí i mí Iúil agus i mí Lúnasa, in ann freastal ar riachtanais uisce na bplandaí. Cúitítear neamhrialtacht na báistí le cumas na n-ithreacha uisce báistí a stóráil.

Carntar an aolchloch ghníomhach (a shúnn an planda go héasca) sna fíocháin cheallacha agus neartaíonn sí iad, agus ar an mbealach sin tugann sé daingne agus láidreacht don toradh agus déanann sé frithsheasmhach é in aghaidh tionchar ar an gcraiceann agus in aghaidh gloiníochta.

Ní fhabhraíonn planda an mhealbhacáin báistí ard ná bogthaise ard. I Machaire Kırkağaç, is beag báisteach a bhíonn ann i mí Iúil agus i mí Lúnasa. Éiríonn go hard leis an mealbhacán mar gheall ar acmhainn coinneála uisce na hithreach.

Tá cion solad intuaslagtha (scála brix) ag 'Kırkağaç Kavunu' sa raon idir 10.8 agus 13.2. Le linn chéim aibithe na dtorthaí mealbhacán, laghdaíonn uisciú milseacht an táirge deiridh de ghnáth. I gceantar Kırkağaç, is gnách nach mbíonn aon fhrasaíocht ann i mí Iúil ná i mí Lúnasa. Comhlíonann 'Kırkağaç Kavunu' a riachtanais hiodráitithe ón ithir, rud atá inchurtha i leith airíonna uathúla struchtúr na hithreach. I gcásanna teas foircneach, d'fhéadfadh uisciú a bheith riachtanach uair nó dhó le linn na míonna sin. Léirigh staidéir nach laghdaíonn uisciú le linn na tréimhse sin tiúchan siúcra ná dea-bholadh 'Kırkağaç Kavunu'. Idirdhealaíonn an tsaintréith sin 'Kırkağaç Kavunu' ó chineálacha eile mealbhacáin.

Taispeánann Machaire Kırkağaç saintréithe miocraeráide a bhfuil tionchar ag aeráid na Meánmhara orthu. Bíonn an geimhreadh cineálta agus fliuch, ós rud é go dtarlaíonn frasaíocht le linn mhíonna an gheimhridh den chuid is mó. Os a choinne sin, bíonn samhraí te agus tirim mar gheall ar thionchar aermhaiseanna trópaiceacha. Mar gheall air sin, bíonn ganntanas uisce ann sa samhradh agus bíonn barrachas uisce ann sa gheimhreadh. I rith an gheimhridh, bíonn meánteochtaí sa raon idir 5 °C agus 15 °C. Le teacht an earraigh, tosaíonn an aimsir ag éirí níos teo, agus bíonn teochtaí sa raon idir 15 °C agus 25 °C. Le linn mhíonna an tsamhraidh, ardaíonn na teochtaí a thuilleadh agus, de ghnáth, bíonn siad sa raon idir 25 °C agus 35 °C. Tá an 'Kırkağaç Kavunu' tar éis dul in oiriúint do dhálaí geografacha agus aeráide an réigiúin. Cuireann an difríocht íosta idir teocht an lae agus teocht na hoíche cosc ar strus teochta difear a dhéanamh don táirge. Cuireann na dálaí aeráide sin timpeallacht oiriúnach ar fáil do 'Kırkağaç Kavunu'.

Baineann milseacht 'Kırkağaç Kavunu' go díreach le méid nochta sholas na gréine i Machaire Kırkağaç, an áit a saothraítear é. Bíonn an líon is airde laethanta grianmhara ann i mí an Mheithimh, i mí Iúil agus i mí Lúnasa, nuair a tharlaíonn forbairt na dtorthaí. Áirithíonn an t-ardleibhéal nochta sin milseacht 'Kırkağaç Kavunu'.

	Mí			
Critéir	Bealtaine	Meitheamh	Iúil	Lúnasa
Líon na laethanta grianmhara	14,8	22,2	24,3	24,1
Líon na laethanta báistí	5,7	2,7	0,7	0,6
Méid na báistí (mm)	24,7	12,3	3,7	3,6

Mar thoradh ar an miocraeráid uathúil, ar saintréith di é meánteochtaí arda comhsheasmhacha i rith na bliana, mar aon le hithreacha cré-aolchloiche, is féidir mealbhacáin ardcháilíochta a tháirgeadh. Tá eolas ar na mealbhacáin seo mar gheall ar a milseacht eisceachtúil, ar a ndea-bholadh dian agus ar a gcáilíochtaí blais seanbhunaithe. Tá uigeacht dhaingean acu ach tá siad súmhar as cuimse agus iad bog blasta.

De ghnáth, déantar na dálaí gaoithe i gceantar Kırkağaç a thuairisciú mar ghaotha séimhe agus cineálta. Ós rud é go bhfuil sé suite níos faide intíre i gcomparáid le limistéir chósta, is lú an difear a bhíonn ag tionchar na farraige air. Mar thoradh air sin, bíonn na gaotha in Kırkağaç éadrom de ghnáth agus ní shroicheann siad luasanna arda. De ghnáth, braitear gaotha Meltem i rith mhíonna an tsamhraidh, go háirithe san iarnóin agus sa tráthnóna. Bíonn éifeacht fuaraithe ag na gaotha seo agus gabhann teochtaí beagáinín níos ísle leo. Rannchuidíonn an phróifíl ghaoithe seo leis an méadú ar mhilseacht torthaí 'Kırkağaç Kavunu' agus, ag an am céanna, soláthraíonn sí cosaint ar éifeachtaí díobhálacha arb iad teochtaí arda agus strus uisce is cúis leo. Dá bhrí sin, de réir mar a fhorbraíonn blas 'Kırkağaç Kavunu', leanann forbairt torthaí ar aghaidh. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go scoiltfeadh dromchla seachtrach mealbhacán i dteochtaí arda, ach ní scoilteann 'Kırkağaç Kavunu' a fhástar ina limistéar, agus is féidir le meáchan mealbhacáin aonair 5-6 chileagram a bhaint amach.

Is mealbhacán é 'Kırkağac Kavunu' a bhfuil cáil air mar gheall ar a dhea-bholadh dian agus ar a bhlas an-mhilis. Tuairiscítear a dhea-bholadh ceannasach mar bholadh bláthanna teile, lena ngabhann dea-bholaithe tánaisteacha beacán agus scuaise. Bíonn an cion iomlán siúcra in 'Kırkağac Kavunu' sa raon idir 6,14 agus 6,19 (g, 100 g^{-1}). Bíonn an cion siúcróis idir 3,55 agus 4,06 (g, 100 g^{-1}), agus bíonn an cion fruchtóis sna torthaí idir 1,33-1,35 (g, 100 g^{-1}). Is é an cion aigéid chitrigh in 'Kırkağac Kavunu' 2,44-2,84 mg g^{-1}. Cuireann aigéad citreach blas beag aigéadach ar an mealbhacán. I gcomparáid le cineálacha eile mealbhacáin, tá méid níos airde aigéid chitrigh ag 'Kırkağac Kavunu'. Feabhsaíonn aigéad citreach blas taitneamhach agus blas fionnuaire an mhealbhacáin, rud a chuireann blas saintréitheach leis an toradh. Mar thoradh air sin, ní thugann 'Kırkağac Kavunu' milseacht ollmhór d'ainneoin an chionn ard siúcra a bhíonn ann nuair a itear é. De bhreis air sin, rannchuidíonn an cion ard aigéid chitrigh le marthanacht an mhealbhacáin.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta

Ríomh-Fheasachán Oifigiúil Oifig Paitinne agus Trádmharcanna na Tuirce Uimh.: 107 an 12.1.2009, leathanach -". (https://ci.turkpatent.gov.tr/Files/GeographicalSigns/107.pdf)